# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 9:** *Capall Gealaí*



Ceann Capaill ó Charbad Selene, 19ú haois, teilgean plástair. © Gailearaí Ealaíne Crawford

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Is cóip é an teilgean seo de dhealbh a rinne na Sean-Ghréagaigh agus na Sean-Rómhánaigh 3,000 bliain ó shin! Chreid na Sean-Ghréagaigh gur iompar bandia darb ainm Selene an ghealach trasna na spéire gach oíche. Shamhlaigh siad go mbíodh carbad capaill á thiomáint aici le dhá chapall bhána. Las coróin Selene an ghealach nuair a bhí na capaill bhána ag marcaíocht trasna na spéire.

## Samhlaigh!

An féidir leat Selene a shamhlú ag marcaíocht ina carbad airgid os cionn do thí fad is atá tú i do chodladh?

An féidir leat Selene agus a coróin a tharraingt, an choróin a lasann an ghealach?

Cén chuma atá ar Selene i d'intinn?
An bhfuil sí cosúil le taibhse nó an bhfuil sí aislingeach nó cumhachtach?
An bhfuil sí sona sásta nó uaigneach nó ceannasach?
An bhfuil sí óg nó sean, beag bídeach nó ollmhór?
An bhfuil sí ag canadh nó ag gáire nó an bhfuil sí an-chiúin?

Samhlaigh gur tusa Selene, agus go bhfuil tú ag taisteal tríd an spéir i rith na hoíche, céard a fheiceann tú?

## Tarraing neach nó oibiacht iontach a chabhróidh leat an ghealach a tharraingt trasna na spéire...

Cat gealaí a ritheann i ndiaidh agus a chaitheann an ghealach thart cosúil le ceirtlín olla

Ealta éan gealaí

Scoil iasc gealaí

Bád gealaí ar dhath an airgid lena ghealach i líontán

Míol mór gealaí

Bus gealaí

Balún gealaí

Fear grinn gealaí nó cleasghleacaí a bhfuil an ghealach ar a méara coise aici

## Déan do chapall gealaí féin!

D'fhéadfá úsáid a bhaint as marla nó scragall stáin, nó d'fhéadfá do thaos súgartha féin a dhéanamh.



Seo ceann a rinneamar sa bhaile.

## Oideas simplí do thaos súgartha:

Comhábhair: 1 chupán plúir, leathchupán salainn, 1 thaespúnóg ola.

Modh: Measc gach rud le chéile i mbabhla, má tá an meascán rófhliuch cuir tuilleadh plúir leis.



Seo ceann a rinneamar sa bhaile.

**Seo Linn ag Súgradh!**

An féidir leat teileascóp gealaí a dhéanamh?

Céard a fheiceann tú?... coiníní gealaí ag bailiú uibheacha gealaí, sléibhte agus farraigí aisteacha, bláthanna gealaí nó cat gealaí nó dioscó gealaí...



Seo ceann a rinneamar sa bhaile.

## Cruthaigh do scéal gealaí féin

Líon do ghealach le patrúin, cruthanna, daoine agus ainmhithe, níl aon teorainn leis an méid is féidir leat a dhéanamh! Nó b'fhéidir gur mhaith leat tabhairt faoi roinnt dathaithe chosmaigh?

Féach ar an méid atá déanta ag an ealaíontóir Corcaíoch, Ailbhe Barrett, chun cabhrú leat do dhearaí iontacha féin a chruthú! [Íoslódáil bileoga dathúcháin anseo.]



Ailbhe Barrett, *Moons*. © an t-ealaíontóir.

**Faigh saothar atá bunaithe ar an ngealach sa ghailearaí trí úsáid a bhaint as na naisc thíos!**



James Arthur O'Connor, *Moonlight Scene*, c.1835, olaphictiúr ar chanbhás, Gailearaí Ealaíne Crawford



Spanish School, Platter or Tazza, 18ú haois. Gailearaí Ealaíne Crawford

---

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.